**Preasráiteas 14.10.2024**

## Buaiteoir Catagóra i nGradaim Dhea-Chúiseanna an Chrannchuir Náisiúnta 2024 - Aitheantas do Chill Dara le Gaeilge!

Is cúis mhór áthais agus bhroid dúinn a fhógairt gur ar Chill Dara le Gaeilge a bronnadh an chéad duais sa chatagóir Gaeilge ag Gradaim Dhea-Chúiseanna an Chrannchuir Náisiúnta 2024, a bhí ar siúl in óstán Chill Uasaille (Killashee) ag an deireadh seachtaine.

Déanann Gradaim Dea-Chúiseanna an Chrannchuir Náisiúnta comóradh ar an obair inspioráideach a dhéanann na céadta oibrithe deonacha, cóitseálaithe, cúramóirí agus daoine aonair eile ar fud na hÉireann, agus ar na heagraíochtaí lena mbaineann na daoine sin.

Ba é Marty Whelan a bhí ina óstach ar Ghradaim na bliana seo, agus ina theannta bhí an phearsa theilifíse Daithí Ó Sé, an t-údar agus láithreoir raidió Anna Geary, an tacadóir inspioráideach Deborah Somorin, an t-ailtire cáiliúil agus láithreoir teilifíse Hugh Wallace, agus an réalta rince Arthur Gourounlian.

Tá 7 gcatagóir ann do na Gradaim – Spórt, Sláinte agus Sláinteachas, Oidhreacht, na hEalaíona agus an Cultúr, an Pobal, an Óige, agus an Ghaeilge. Roghnaítear cúig ghrúpa as gach catagóir le freastal ar oíche na ngradam, agus is ar an oíche féin a fhógraítear an buaiteoir i ngach catagóir. Bhí Cill Dara le Gaeilge ar cheann de na heagraíochtaí a ainmníodh sa chatagóir Gaeilge, agus d'éirigh leo an bua a thabhairt leo.

**Seo mar a labhair Daithí de Faoite, Cathaoirleach, Cill Dara le Gaeilge:**
*"Is mór an onóir é do Chill Dara le Gaeilge an t-aitheantas seo a fháil ón gCrannchur Náisiúnta. Táimid fíor-bhuíoch de. Is aitheantas é, dairíre, don obair mhór atá bainte amach ag an bhfoireann, ag an mbord stiúrtha agus ag ár n-oibrithe deonacha le blianta beaga anuas. Comhghairdeas le gach duine acu!*

*Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do na grúpaí eile a bhí in iomaíocht linn i gcatagóir na Gaeilge i mbliana. Tá obair d'ard chaighdeán ar siúl ag gach ceann acu chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus ba mhór an onóir dúinn féin a bheith ar an ngearrliosta leo.*

*Táimid ag súil go mór le plean teanga nua a fhoilsiú do Chontae Chill Dara i Mí na Samhna. Leanfaidh ár gcuid oibre ar aghaidh ag leibhéal pobail, le gnólachtaí atá páirteach inár scéim Gnó Chill Dara agus le Teaghlaigh Chill Dara, ár ngrúpa tacaíochta chlainne. Le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, rachaimid ó neart go neart".*

De réir dhaonáireamh náisiúnta 2022, tá Gaeilge ag 39% den phobal i gcontae Chill Dara. Cuireann Cill Dara le Gaeilge go leor imeachtaí ar siúl do lucht labhartha na Gaeilge sa chontae, agus tacaíonn sé leis na grúpaí pobail Gaeilge atá sna cuig cheantar bhardasacha sa chontae. Is féidir spléachadh a fháil ar an obair atá ar siúl ag Cill Dara le Gaeilge ar www.cilldaralegaeilge.ie

Tugtar maoiniú do Chill Dara le Gaeilge tríd an Scéim Tacaíochta Gaeilge atá ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán agus an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-2024 Fhoras na Gaeilge.

**Tuilleadh Eolais:**
Sarah Walsh
Oifigeach Feidhmiúcháin
Cill Dara le Gaeilge
085 748 2427
sarah@cilldaralegaeilge.ie
www.cilldaralegaeilge.ie



**Press Release 14.10.2024**

## Category Winner of the National Lottery Good Causes Awards 2024
## Recognition of Cill Dara le Gaeilge!

We are delighted to announce that Cill Dara le Gaeilge was awarded the first prize in the Irish category at the 2024 National Lottery Good Causes Awards, which took place in the Killashee Hotel at the weekend.

The National Lottery Good Causes Awards commemorates the inspiring work hundreds of volunteers, coaches, carers and other individuals across Ireland do, and also the organisations they are affiliated to.

This year's event was hosted by Marty Whelan and he was joined by TV personality Daithí Ó Sé, author and radio presenter Anna Geary, inspiring advocate Deborah Somorin, renowned architect and TV presenter Hugh Wallace, and dancing sensation Arthur Gourounlian.

There are 7 categories for the Awards – Sport, Health and Wellbeing, Heritage, Arts and Culture, Community, Youth, the Irish language. Five groups from each category are chosen to attend the awards night, and the winner in each category is announced on the night itself. Cill Dara le Gaeilge was one of the organisations nominated in the Irish language category and were delighted to come out winners.

Daithí de Faoite, Cathaoirleach, Cill Dara le Gaeilge said:
*"It is a great honour for Cill Dara le Gaeilge to receive this recognition from the National Lottery. We are extremely grateful to receive it. It is a true recognition for the great work that has been achieved by our team, our board and our volunteers in recent years. Congrats to every one of them!*

*Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do na grúpaí eile a bhí in iomaíocht linn i gcatagóir na Gaeilge i mbliana. Tá obair d'ard chaighdeán ar siúl ag gach ceann acu chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus ba mhór an onóir dúinn féin a bheith ar an ngearrliosta leo.*

*We are looking forward to launching our new language plan for County Kildare Chontae Chill Dara in November. Our work will continue at community level, supporting businesses that are part of our Gnó Chill Dara scheme and also with*

*Teaghlaigh Chill Dara, our family support group. With the support of the National Lottery, we will go from strength to strength!"*

According to the 2022 Census, 39% of the population of county Kildare speak Irish. Cill Dara le Gaeilge runs many events for Irish speakers in the county, and supports the Irish language community groups in the 5 municipal districts of the county. More information on the good work being done by Cill Dara le Gaeilge is available on www.cilldaralegaeilge.ie.

Cill Dara le Gaeilge is funded through the Irish Language Support Scheme of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and Foras na Gaeilge's Irish Language Networks Development Scheme 2022-2024.

**More Information:**
Sarah Walsh
Oifigeach Feidhmiúcháin
Cill Dara le Gaeilge
085 748 2427
sarah@cilldaralegaeilge.ie
www.cilldaralegaeilge.ie

